# Máire (Mollie) Gill 1891-1977

Ba bhean í Mollie Gill a rinne tréaniarrachtaí gnéithe éagsúla de chultúr na hÉireann a chur chun cinn. Bean litríochta agus spóirt a bhí inti. Náisiúnaí cultúrtha agus bean fhorásach ab ea í freisin.



Féach ar an bhfíseán ar Mháire Gill agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas Fíor nó Bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| **Imreoir camógaíochta a bhí i Mollie Gill** | **F** | |
|---|---|---|
| Ní raibh sí riamh ina captaen ar aon fhoireann bhuacach sa chamógaíocht | | |
| Bhí sí ina hUachtarán ar an gCumann Camógaíochta | | |
| Bhí Mollie Gill den tuairim nár cheart na cluichí Gaelacha a chur chun cinn | | |
| Ní raibh aon Ghaeilge in aon chor ar a toil ag Mollie | | |
| Riail amháin a bhí i bhfeidhm sa Chumann Lúthchleas Gael idir 1905 agus 1971 ná nach raibh cead ag aon bhall den Chumann spóirt eile cosúil le sacar, haca, rugbaí nó cruicéad a imirt | | |
| D'aontaigh Mollie Gill leis an riail seo | | |
| Tharla scoilt sa Chumann Camógaíochta mar gheall ar an riail chonspóideach seo | | |
| Sa lá atá inniu ann níl aon chlubanna camógaíochta fágtha in Éirinn | | |
| Tá breis is 100,000 imreoir camógaíochta ann anois | | |
| Tá an cosc ar spóirt eile a imirt do bhaill Chumann Lúthchleas Gael fós i bhfeidhm | | |

Anois, léigh an léamhthuiscint seo ar ghluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha agus freagair na ceisteanna a ghabhann léi.

Ag deireadh an 19ú hAois ní raibh ag éirí le polaiteoirí Éireannacha i Westminster aon dul chun cinn a dhéanamh maidir le rialtas dúchais. Bhí Páirtí Rialtais Dúchais na hÉireann scoilte i ndiaidh scannal Pharnell ag tús na 1890idí agus bhí náisiúnaithe na tíre in ísle brí. Bhí cuid mhaith de mhuintir na hÉireann ag éirí mífhoighneach lena raibh ag tarlú i ndomhan na polaitíochta i dtaca le cúrsaí na hÉireann a chur chun tosaigh. D'iompaigh daoine anois i dtreo an chultúir chun a bhféiniúlacht Éireannach a aimsiú agus a léiriú. Lorgaíodh spreagadh sa chultúr dúchais. Cuireadh spéis sa cheol traidisiúnta, sa Ghaeilge agus ar ndóigh sna cluichí Gaelacha.

Chuige sin, ó thaobh na gcluichí Gaelacha de, bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael i dTiobraid Árann sa bhliain 1884. Ba iad an pheil Ghaelach agus an iománaíocht an dá chloch ba mhó ar phaidrín Chumann Lúthchleas Gael ón tús agus cuireadh rialacha cearta uilíocha i bhfeidhm sa dá chluiche seo. Glacadh go fonnmhar leis na rialacha seo agus taobh istigh d'achar ama an-ghairid bhí ag éirí go hiontach leis na cluichí seo agus an-tóir orthu ar fud na tíre go háirithe sna ceantair tuaithe. Ba ghearr go raibh club de chuid Chumann Lúthchleas Gael i ngach paróiste ar fud na tíre agus i gcuid mhaith cathracha móra thar lear, áit a raibh pobail mhóra d'eisimircigh Éireannacha.

Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

I mblianta luatha na haoise seo caite tháinig na mná sna sála ar na fir ó thaobh na gcluichí Gaelacha de. Bunaíodh an Cumann Camógaíochta sa bhliain 1904 agus murab ionann agus na fir bhí rath ní ba mhó ar an gcamógaíocht sna bailte móra agus sna cathracha seachas sna ceantair tuaithe. Bhí rath uirthi sna coláistí tríú leibhéal freisin. Macasamhail na hiománaíochta atá sa chamógaíocht seachas miondifríochtaí anseo is ansiúd. Bhí ról an-mhór ag leithéidí Mháire Ní Chinnéide agus Mollie Gill i gcur chun cinn na camógaíochta ag tús an 20ú hAois.

Bean fhorásach agus dhiongbháilte a bhí i Mollie Gill. Bleá Cliathach a bhí inti. Bhí sí sáite sa chamógaíocht feadh a saoil ar fad nachmór. Sár-imreoir a bhi inti. D'imir sí leis an gclub, na Crócaigh, agus lena contae, Baile Átha Cliath. Ba í captaen fhoireann Bhaile Átha Cliath í nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann den chéad uair sna 1930idí. Bhí sí chun tosaigh ar lucht a linne, d'fhéadfá a rá, ó thaobh chúrsaí riaracháin de chomh maith. Bhí meon coiméadach ag an-chuid daoine ag tús an 20ú hAois i dtaca le mná a bheith ag imirt spóirt; chreid daoine áirithe gur cheart cursaí spóirt trí chéile a fhágáil faoi na fir amháin. Bhí Mollie Gill glan i gcoinne na tuairime sin.

Theastaigh uaithi cailíní agus mná óga a spreagadh an chamógaíocht a imirt. Anuas air sin, chreid sí gur cheart go mbeadh an cead, agus go deimhin an tsaoirse, ag mná aon spórt ba mhian leo a imirt. Níor aontaigh sí mar sin leis an Toirmeasc. Is éard a bhí sa Toirmeasc ná an cosc a cuireadh ar aon bhall de Chumann Lúthchleas Gael spóirt ghallda cosúil le haca, rugbaí, cruicéad nó sacar a imirt. Go deimhin, ní raibh cead ag baill Chumann Lúthchleas Gael freastal nó féachaint ar na cluichí seo fiú.

Ó thaobh na camógaíochta de, bhí an-chuid cailíní agus ban ann sna scoileanna agus sna coláistí sna bailte móra agus sna cathracha a raibh spéis acu sa chamógaíocht agus sa haca araon agus mar sin níor theastaigh ó Mhollie Gill go mbeadh ar na mná seo rogha a dhéanamh agus an baol ann go mb'fhéidir go n-éireoidís as an gcamógaíocht a imirt. A fhad is a bhí Mollie Gill ina hUachtarán ar an gCumann Camógaíochta spreag sí mná chun imeartha, beag beann ar an spórt. I dteannta na camógaíochta, d'imríodh na mná cluichí peile chomh maith ach níor bunaíodh eagraíocht cheart náisiúnta do pheil na mBan go dtí an bhliain 1974. Tá borradh thar na bearta faoi pheil na mBan le blianta beaga anuas.

Gluais:

rialtas dúchais = rialtas neamhspleách a bheith ag Éirinn in Éirinn.

náisiúnaithe = daoine a thacaíonn go mór lena dtír féin. Ba mhaith leo go mbeadh a rialtas féin ag a dtír féin.

eisimircigh Éireannacha = Éireannaigh nó daoine de shliocht na hÉireann a raibh cónai orthu taobh amuigh d'Éirinn

chun tosaigh ar lucht a linne = forásach

Ceisteanna:

1. Cad a rinne roinnt mhaith Éireannach ag deireadh an 19ú hAois nuair a chaill siad muinín sa pholaitíocht mar bhealach lena bhféiniúlacht chultúrtha a léiriú?

2. Cén eagraíocht thábhachtach a bunaíodh sa bhliain 1884?

3. Cad iad an dá chluiche is mó a chuireann an eagraíocht sin chun cinn?

4. Cathain a bunaíodh an Cumann Camógaíochta?

5. Cén áit in Éirinn a raibh fás le feiceáil ar dtús ó thaobh na camógaíochta de?

6. Ainmnigh bean amháin a raibh ról an-mhór aici i cur chun cinn na camógaíochta ag tús an 20ú hAois.

7. Cad a bhí i gceist leis an Toirmeasc?

8. An raibh Mollie Gill ar son nó i gcoinne an Toirmisc?

9. Cén cluiche Gaelach a bhfuil borradh an-mhór faoi le tamall de bhlianta anuas?

10. Déan taighde ar líne agus aimsigh conspóid amháin a bhain leis an Toirmeasc sa 20ú hAois. Breac síos cúig fhíric faoin gconspóid sin.

Anois, agus ceisteanna na léamhthuisceana freagartha agat déan na príomhfhocail agus na blianta cinniúnacha seo a leanas ar chlé a mheaitseáil lena míniú ar dheis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| **an Cumann Camógaíochta** | an áit ar bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael |
| an Toirmeasc | sár-imreoir camógaíochta agus Uachtarán ar an gCumann Camógaíochta |
| náisiúnachas cultúrtha | an cosc ar bhaill Chumann Lúthchleas Gael cluichí gallda a imirt nó fiú freastal ar na cluichí sin |
| Máire (Mollie) Gill | contae dúchais Mhollie Gill |
| Conradh na Gaeilge | an bhliain ar bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael |
| 1884 | **cumann a bunaíodh chun cluiche an-chosúil leis an iománaíocht a chur chun cinn i measc na mban** |
| Óstán Hayes | duine de bhunaitheoirí Chumann Lúthchleas Gael |
| Páirc an Chrócaigh | an Chéad Uachtarán ar an gCumann Camógaíochta |
| Mícheál Ó Cíosóig | ceanncheathrú Chumann Lúthcleas Gael |
| Máire Ní Chinnéide | gluaiseacht chultúrtha a tháinig chun cinn ag deireadh an 19ú hAois agus a raibh sé mar aidhm aici gnéithe den chultúr dúchais a chur chun cinn |
| Baile Átha Cliath | cumann a bunaíodh sa bhliain 1893 chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn |

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Seo a leanas cúig impleacht fhadtéarmacha a bhí ag an náisiúnachas cultúrtha ar Éirinn sa 20ú hAois

1. Féiniúlacht náisiúnta níos láidre: Mar thoradh ar iarrachtaí ghluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha cuireadh muintir na hÉireann ar an eolas go raibh cultúr ársa agus sainiúil dá gcuid féin acu agus gur cheart a bheith bródúil as an gcultúr sin.

2. Caomhnú na Gaeilge: Bhí rath go pointe ar chaomhnú na Gaeilge. Ceapadh ag deireadh an 19ú hAois go raibh an bás i ndán don Ghaeilge ach maireann sí mar theanga bheo i gcónaí sna Gaeltachtaí agus taobh amuigh díobh.

3. Foinse spreagtha chun aidhmeanna polaitiúla a bhaint amach: Is cinnte go raibh an náisiúnachas cultúrtha mar fhoinse agus mar thobar spreagtha ag an-chuid ceannairí polaitiúla in Éirinn sa 20ú hAois, go háirithe ag lucht Éirí Amach na Cásca 1916.

4. Teannais sheicteacha: Samhlaíodh ar uairibh an náisiúnachas cultúrtha leis an gCaitliceachas amháin agus bhraith Éireannaigh a bhí ina bProtastúnaigh nó a raibh creideamh eile acu go mb'fhéidir nár bhain an saghas sin de chultúr na hÉireann leo agus bhraith siad imeallaithe dá bharr.

5. An córas oideachais sa stát nua: Bhí tionchar an-mhór ag gluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha ar na polasaithe a glacadh i leith an oideachais nuair a bunaíodh an Saorstát sa bhliain 1922.